

# NUASHONRÚ FMS

EAGRÁN IAR-BHUNSCOILE

EAGRÁN 9 – Bealtaine 2017

## FMS 2016-2020 – deireadh leis an tús!

Fáilte chuig eagrán a naoi de Nuashonrú FMS, an ríomhfheasachán d'iar-bhunscoileanna.

Tá an chéad bhliain de thimthriall ceithre bliana 2016-2020 na féinmheastóireachta ag druidim chun deiridh. Mholamar san imlitir [0040/2016](#) agus sna [Treoirínte FMS](#) nua go bhféadfaí breathnú ar an mbliain seo mar bhliain fiosruithe. San eagrán deiridh den Nuashonrú, dhíríomar d'aird freisin ar ár [suíomh gréasáin](#) athdheartha. Tá súil againn go measann tú go bhfuil an t-ábhar atá ann úsáideach chun scipeáil a dhéanamh ar an bhfócas sainiúil is ábhartha do phleanáil gníomhaíochta d'fheabhsúchán i do scoil.

San eagrán deiridh, chuireamar dhá 'chás' san áireamh – scoileanna samhailteacha ach fíorchásanna! – a d'fhéach ar an gcaoi ina bhféadfadh scoileanna i gcomhthéacsanna éagsúla gné an teagaisc agus na foghlama sa chreat mar threoir don bhféinmheastóireacht. Dhírigh cás amháin ar inspreagadh agus ionchas na mhéadú, agus dhírigh an ceann eile ar an tSraith Shóisearach nua a chur i bhfeidhm. Leanaimid de na scéalta sin san eagrán seo.

I gceann amháin de na cásanna seo, bhí MSU-BCF ag an scoil le déanaí, agus bhain siad úsáid as na torthaí agus moltaí ón meastóireacht sheachtrach mar chuid den bhonn fianaise ar threoir dá bpróiseas féinmheastóireachta féin. San eagrán seo, gheobhaidh tú alt a fhéachann ar an gcaoi inar féidir le meastóireacht sheachtrach tacú agus cur leis an meastóireacht inmheánach, mar a luaitear in imlitir 0040/2016.

Caithimid súil eile freisin ar an gcaoi le dul i ngleic le sonraí, sa chaoi is gur féidir libh sibh féin a fheistiú le faisnéis shaibhir mar bhonn le do phleananna feabhsúcháin.


Mar chríoch, tá alt a fhéachann ar an múnla leithdháilte acmhainní nua, a thugann neamhspleáchas suntasach do scoileanna le cinneadh conas is fearr an acmhainn a úsáid chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ina bhfoghlaim. B'fhéidir gur mhaith le scoileanna machnamh a dhéanamh ar an réimse soláthair seo a chur san áireamh ina bpróiseas FMS, agus tá súil againn go n-aimseoidh tú léargais úsáideacha san alt seo.

Aonad Meastóireachta, Tacaíochta agus Taighde na Cigireachta

## Clár


Cás 1: scéal leantach Choláiste Chnoc na Gréine	leathanach 2
Cás 2: scéal leanúnach Choláiste an Bhaile Mhóir	leathanach 4
Meastóireacht sheachtrach agus FMS	leathanach 5
Ag dul i ngleic le sonraí	leathanach 6
FMS agus an múnla leithdháilte acmhainní nua	leathanach 7

Fan ar an eolas faoi fhorbairtí faoi FMS trínár [suíomh gréasáin](#) agus ár láithreacht sna meáin shóisialta. Cliceáil ar na deilbhíní anseo thíos leis an nasc ábhartha a rochtain.



# An Creat Cáilíochta a úsáid chun tacú leis an bPróiseas FMS

I Nuashonrú FMS 8, scrúdaíomar dhá chás scoile agus thugamar cur síos ar an gcaoi ina raibh scoileanna ag baint úsáide as an gcreat cáilíochta chun obair trí na sé chéim den phróiseas FMS. Thugamar cur síos ar a ndul chun cinn leis an gcéad dá chéim den phróiseas, is iad sin *Ainmnigh an Fócas* agus *Fianaise a Bhailiú*. San eagrán seo, leanfaimid dá scéalta agus tógaimid iad chuig deireadh a mbliana fiosraithe. Tugaimid cur síos ar an gcaoi ina mbaineann siad úsáid as an gcreat cáilíochta chun gabháil don chéad dá chéim eile, *Déan Anailís agus Déan Breithiúnais* agus *Scríobh agus Roinn Tuairisc agus Plean Feabhsúcháin*. Is é cuspóir an chreata cáilíochta ‘treoir seachas aonfhoirmeacht’ a thabhairt dár gcur chuige i leith FMS. Mar a fheicfidh tú, tá úsáid éagsúil bainte ag an dá scoil seo as an gcreat cáilíochta ina gcomhthéacsanna uathúla féin.



## Cás 1 – Coláiste Chnoc na Gréine

### CÉIMEANNA 1&2 AINMNIGH AN FÓCAS AGUS FIANAISE A BHAILIÚ

Scoil chomhoideachais is ea Coláiste Chnoc na Gréine faoi bhainistíocht BOO le breis agus 500 scoláire, ag freastal ar bhaile mór tuaithe agus a cheantar tuaithe máguaird. Thosaigh an scoil a cuid oibre ar an dara timthriall de FMS tríd an bpróiseas a nascadh le cur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí nua. Bhain siad úsáid as lá pleanála scoile uile go luath sa bhliain chun féachaint go sonrath ar an gcur i bhfeidhm céimneach d’ábhair agus, sa chomhthéacs sin, thosaigh fócas ar **Fholláine** ag teacht chun cinn. Clíceáil [anseo](#) chun dul siar ar an gcaoi inar thug siad faoi chéimeanna 1 agus 2 sa phróiseas. Seo tuilleadh mionsonraí faoina mbailiú fianaise.

Bhain an scoil úsáid as comhairle na scoláirí chun fianaise a bhailiú maidir le tuairimí na scoláirí, toisc go gcuirfeadh an cur chuige seo ar chumas gach bliainghrúpa machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ina ndeachaigh na saincheisteanna i dtionchar ar a gcéim foghlama ar leith. Ag obair leis an múinteoir caidrimh, tháinig comhairle na scoláirí suas le roinnt ceisteanna faoi dhúshlán foghlama ar leith don phlé sna grúpaí fócais. Spreag na ceisteanna na scoláirí le smaoinemh faoi cad a chuidigh leo dul i ngleic le topaic a raibh deacracht acu léi, agus moltaí a dhéanamh bunaithe ar a dtaithe féin chun roghchlár a dhéanamh de chuir chuige chabhracha.

Tháinig dhá phointe fhíorthábhachtacha chun cinn as an bplé sna grúpaí fócais. An chéad cheann ab ea an tábhacht atá le spreagadh; d’aontaigh na scoláirí go raibh sé fíorchuiditheach nuair a dúirt múinteoirí: “Coinnigh ort. Gheobhaidh tú é”, agus nuair a dúirt siad leo gan a bheith buartha faoi bhotúin a dhéanamh. Chuimhnigh roinnt scoláirí ar mhúinteoir ag rá leo “nach ndearna an duine nach ndearna botún riamh rud ar bith riamh!” AN dara pointe tábhachtach ab ea a mhinice is a fuair scoláirí amach gurb é cúnamh óna gcomhscoláirí a choinnigh ag dul iad agus a chuidigh leo dul thar an líne foghlama.

Maidir leo féin, d’aontaigh na múinteoirí taifead athmhachnaimh a choinneáil ar na háiteanna ina raibh deacrachtaí ag scoláirí lena bhfoghlaim i réimsí nó topaicí ar leith. Rinne na múinteoirí taifead ar na cineálacha fadhbanna a tharla, conas a tháinig na fadhbanna chun solais, agus cé acu an raibh idirghabháil ranga uile nó aonair de dhíth dá bharr. Rinne an scoil [acmhainní](#) ón suíomh gréasáin FMS a oiriúnú chun cuidiú le fianaise a bhailiú.

### CÉIM 3 DÉAN ANAILÍS AGUS DÉAN BREITHIÚNAIS

Ag tabhairt le chéile na fianaise a bailíodh ó mhúinteoirí agus scoláirí, bhí an scoil ábalta láidreachtaí a aithint le tógáil orthu, agus réimsí a raibh forbairt de dhíth orthu dá mba rud é go raibh siad le cuidiú le scoláirí leanúint ar aghaidh nuair a bheadh deacracht leis an bhfoghlaim. Fuair siad amach go raibh neart de na ráitis don chaighdeán ‘*Fásann na scoláirí mar fhoghlaimeoirí trí idirghníomhaíochtaí ómósacha agus eispéiris atá dúshlánach agus tacúil*’ ó réimse eispéiris na bhfoghlaimeoirí cuiditheach agus ábhartha.

Ráiteas ar Chleachtas Éifeachtach	Láidreachtaí?	Réimsí d’fheabhsúcháin?
Bíonn idirghníomhaíochtaí i measc na scoláirí agus idir scoláirí agus múinteoirí ómósach agus dearfach, agus cuiditheach don fholláine.	IS EA	Is féidir linn tógáil air seo chun aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí
Tacaíonn caidreamh agus idirghníomhaíochtaí i seomraí ranga agus limistéir foghlama le timpeallacht foghlama atá comhoibríoch agus táirgiúil.	IS EA ACH ...	A dhóthain deiseanna chun comhoibriú?

Mothaíonn na scoláirí go bhfuil siad ábalta a gcuid tuairimí agus a gcuid eispéireas a chur in iúl sa phlé ranga. Éistean siad go hómósach le tuairimí agus le heispéiris a gcomhscoláirí sa rang.	IS EA ACH ...	Níl siad i gcónaí ábalta iad féin a chur in iúl
Cuireann siad ceisteanna agus molann siad réitigh indéanta go muiníneach. Tá siad sásta dul sa seans le freagraí míchearta, agus glacann siad leis go bhfuil botúin mar chuid den phróiseas foghlama.	IS EA ACH ...	Fadhb le muinín do roinnt acu
Léiríonn siad leibhéal dóthanach d'inspreagadh chun páirt a ghlacadh agus chun leanúint le hobair a bhfuil méadú sa dúshlán inti.	IS EA ACH ...	Tagann ísle brí ar chuid acu

I measc na láidreachtaí bhí, i gcoitinne, caidreamh an-dearfach idir na múinteoirí agus na scoláirí, agus i measc na scoláirí; an bealach fíormhaith ina raibh comhairle na scoláirí ábalta tuairimí na scoláirí a thabhairt le chéile agus a chur in iúl; agus fonn na múinteoirí éisteach leis na scoláirí agus cuir chuige nua a thriail. Ag féachaint ar réimsí feabhsúcháin, d'aithin na múinteoirí agus na scoláirí araon an bealach inar tugadh topaicí nua isteach mar bhac féideartha inar chaill scoláirí a mbealach agus a muinín. Dúirt na scoláirí go bhféadfadh sé a bheith deacair an stór focal ceart d'ábhar a fhoghlaim agus a úsáid. Agus dúirt na múinteoirí agus na scoláirí araon nach raibh scoláirí ábalta, uaireanta, a chur in iúl cén deacracht a bhí ann nó cá raibh an deacracht.

#### CÉIM 4 ROINN TUAIRISC AGUS PLEAN FEABHSÚCHÁIN

Sa chéad chuid den tuairisc leagadh amach na láidreachtaí, a aithníodh i gcéim 3, a d'fhéadfadh an scoil a úsáid ina plean gníomhaíochta d'fheabhsúchán. Pointe foghlama tábhachtach ab ea é seo a tháinig chun cinn do na múinteoirí: is é an cuspóir atá le do láidreachtaí a aithint ná iad a úsáid chun feabhas a chur ar réimsí eile. Simplí ach cumhachtach! An chéad chéim eile, ceann níos dúshlánaí, ab ea gníomhartha spriocdhírthe a aithint chun cuidiú le scoláirí leanúint ar aghaidh d'ainneoin deacrachtaí. Dhréachtaigh an comhordaitheoir FMS agus foireann bheag plean gníomhaíochta d'fheabhsúchán le cur faoi bhráid na foirne uile. Thóg siad [teimpléad do thuairisc agus plean feabhsúcháin](#) ón suíomh gréasáin FMS agus chuir siad in oiriúint é.

Tarraingíodh aidhm fhoriomlán an phlean gníomhaíochta ón gcaighdeán sa chreat cáilíochta caighdeán a d'úsáid an scoil i gcéim 3 chun meastóireacht a dhéanamh ar a cleachtas. B'é ***'timpeallacht a sholáthar a thugann an leibhéal cuí tacaíochta do na foghlaimoirí uile chun cur ar a gcumas déileáil go rathúil le dúshlán'***. Leagadh amach sa phlean roinnt spriocanna gníomhaíochta nó próisis. (Féach an t-alt faoi spriocanna i [Nuashonrú 6](#)).

1. Na múinteoirí go léir le díriú ar an stór focal agus téarmaí a bhaineann le topaic nó coincheap nua a theagasc go follasach.
2. Na múinteoirí go léir le pleanáil agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar chur chuige céimnithe go cúramach i dtaca le topaic nua a thabhairt isteach.
3. Na múinteoirí go léir le pleanáil agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar úsáid níos mó de chur chuige na foghlama comhoibrithí.

D'fhonn a chinntiú go mbeadh an plean ina phointe tagartha cuiditheach agus iad ag obair i dtreo na spriocanna, d'áirigh an fhoireann FMS roinnt leideanna do ranna ábhair le forbairt a thuilleadh. Do sprioc 1, mhol siad do na múinteoirí tagairt do straitéisí litearthachta ón bplean roimhe sin a d'fhéadfaí a chur in oiriúint don cheann seo. Do sprioc 2, d'iarr siad ar ranna ábhair naisc fhollasacha a dhéanamh do na scoláirí idir an fhoghlaim roimhe agus an fhoghlaim nua, agus córas 'soilse tráchta' a ghlacadh do scoláirí chun leibhéal tuisceana a léiriú. Do sprioc 3, liostaigh siad cuir chuige 'tógtha ar ais' chuig an scoil ó sheisiúin FGL, ón 'smaoinigh/péirigh/roinn' atá coitianta go dtí obair mata boird, agus péireáil straitéiseach chun cur ar chumas scoláirí níos cumasaí agus scoláirí nach bhfuil chomh cumasach obair lena chéile.

Chuir an príomhoide an plean faoi bhráid an bhoird, a d'fhaobhaigh é agus ansin líon isteach an [seicliosta rialachais agus polasaí](#). Ansin rinne an fhoireann FMS an [teimpléad](#) ón suíomh gréasáin FSM a oiriúnú chun achoimre úsáideach ar an bplean FMS a thabhairt do na tuismitheoirí agus do phobal na scoile.

## Cás 2 – Coláiste an Bhaile Mhóir

### CÉIMEANNA 1&2 AINMNIGH AN FÓCAS AGUS FIANAISE A BHAILIÚ

Scoil do bhuachaillí i mbruachbhaile seanbhunaithe is ea Coláiste an Bhaile Mhóir. Bhí MSU-BCF ag an scoil trí bliana ó shin, agus tá siad ábalta an mheastóireacht sheachtrach seo a úsáid mar acmhainn ina bpróiseas féinmeastóireachta. Féach an t-alt ar leathanach 5 thíos do thuilleadh eolais faoin gcur chuige seo. Chun tosú ar an timthriall nua FMS, roghnaigh an scoil díriú ar chuir chuige foghlama ghníomhacha agus athmhachnamhacha chun leibhéil inspreatha agus gnóthachtála na scoláirí a ardú. Tháinig na múinteoirí ar an bhfócas seo trí athmhachnamh a dhéanamh ar a gcleachtas féin ag baint úsáide as an tuairisc MSU-BCF, agus an creat cáilíochta, áit ar dhírigh siad ar aon chaighdeán amháin i dTorthaí na bhFoghlaimoírí mar an tagarmharc ba chuidithí agus ba mhó ábharthachta dóibh:

*Baineann scoláirí taitneamh as a gcuid foghlama, tá siad spreagtha chun foghlama, agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlaimoírí.*

Is féidir leat dul siar ar chéimeanna 1 agus 2 den phróiseas a lean siad [anseo](#).

### CÉIM 3 DÉAN ANAILÍS AGUS DÉAN BREITHIÚNAIS

Bhailigh an scoil fianaise ó thrí fhoinsé: an tuairisc MSU-BCF; anailís ar roghnú leibhéal, agus torthaí, sa Teastas Sóisearach; agus suirbhé ar scoláirí na chéad bhliana maidir lena n-eispéiris foghlama.

D'aithin an **anailís ar an tuairisc MSU-BCF** na gnéithe dearfacha den teagasc agus foghlaim a d'fhéadfadh na múinteoirí athmhachnamh a dhéanamh orthu, a roinnt agus a fhorbairt, chun cleachtas a fheabhsú. Mhol an tuairisc an cleachtas sna ceachtanna praiticiúla a breathnaíodh, as leibhéil arda rannpháirtíochta a mhealladh ó na scoláirí, as ionchais rada a bhunú i dtaca le dearcadh na scoláirí maidir le hullmhacht don obair agus díograis don tasc, agus as deiseanna a sholáthar do scoláirí léirmheas a dhéanamh ar a gcuid oibre agus í a fheabhsú. Nótáil an tuairisc roinnte teicnící ceistiúcháin an-mhaith a thug deis do scoláirí athmhachnamh a dhéanamh ar ábhar an cheachta agus a dtuiscint a mhéadú. Thuairiscigh an fhoireann gurb iad sin na príomhlaidreachtaí a aithníodh, agus gur chóir leas iomlán a bhaint astu sin anois.

Thug **anailís trí bliana ar thorthaí an Teastais Shóisearaigh** faisnéis an-saibhir, Bhí imní léirithe ag an MSU-BCF gur léirigh roghnú ardleibhéil, agus torthaí i gcoitinne, go raibh ionchais ísle ann, agus go raibh gnóthachtáil íseal sa tsraith shóisearach ag dul i gcion ar ionchais sa tsraith shinsearach. Dhírigh anailís na scoile ar fhiosrú a dhéanamh faoi phatrúin agus treocheaí, agus freisin ar thorthaí ó shampla ionadaíoch de scoláirí. Fuair sé na nithe seo amach:

- Bhí roghnú an ardleibhéil sna croí-ábhair ardaíthe, le torthaí feabhsaithe ó bhonn íseal sa Mhata agus sa Ghaeilge.
- Bhí torthaí san Eolaíocht ar chuar a bhí ag ardú go géar, agus ní raibh 'teipeanna' ag tarlú.
- Ní raibh feabhas ag teacht ar ábhair eile, agus léirigh an tsampláil ar thorthaí na scoláirí aonair nár éirigh chomh maith sin leis na scoláirí maithe, fiú, in ábhair áirithe.

D'oibrigh an príomhoide agus ceann bliana sa tsraith shóisearach ar an anailís. D'aibhsigh siad na torthaí Eolaíochta agus an toradh ón MSU-BCF go raibh dea-chleachtas in ábhair phraiticiúla, agus mheas siad go mb'fhéidir go raibh nasc ann.

Bhí an **suirbhé ar scoláirí na chéad bhliana** an-úsáideach chun dearbhú a dhéanamh ar na torthaí ar an mionsuirbhé ar chohórt na chéad bhliana roimhe sin. Tháinig trí phríomhphointe chun tosaigh iontu seo:

- Mothaíonn scoláirí go bhfoghlaimíonn siad níos fearr nuair a bhíonn an fhoghlaim nasctha le gníomhaíocht nó ag eascairt as gníomhaíocht
- Ní mór do scoláirí a bhfoghlaim a chur in iúl; cuid riachtanach den phróiseas is ea míniú ar a bhfoghlaim
- Bíonn níos mó d'inspreagadh ar scoláirí nuair a mhothaíonn siad gur féidir leo rud éigin maith a bhaint amach

### CÉIM 4 SCRÍOBH AGUS ROINN TUAIRISC AGUS PLEAN FEABHSÚCHÁIN

An chúis ar fad a bhí leis an tuairisc agus an plean feabhsúcháin ab ea cur ar chumas na múinteoirí uile tairbhe a bhaint as na láidreachtaí a aithníodh, chun leagan amach conas a d'fhéadfaí na láidreachtaí seo a chur i bhfeidhm ina

réimsí ábhair féin, agus obair le chéile chun feabhas a chur ar thorthaí dá scoláirí. Ghlac siad [teimpléad do thuairisc agus plean feabhsúcháin](#) ón suíomh gréasáin FMS agus rinne siad é a oiriúnú.

Rinne an tuairisc agus an plean tagairt don chaighdeán i dtaca le Torthaí na bhFoghlaim a dhírigh siad air ar dtús, agus chuir siad ceann eile leis ón réimse céanna chun treoir a thabhairt don chaoi ina dtabharfaidís aghaidh ar na réimsí a aithníodh d'fheabhsúcháin. B'iad seo a gcaighdeáin treorach:

*Baineann scoláirí taitneamh as a gcuid foghlama, tá siad spreagtha chun foghlama, agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlaim.*

*Baineann na scoláirí amach na cuspóirí foghlama atá luaite do gach ábhar, cúrsa agus clár.*

Ag nascadh leis an gcéad cheann de na caighdeáin seo, d'aithin an plean roinnt spriocanna próisis nó gníomhaíochta dírithe ar leibhéal taitnimh agus inspreagtha na scoláirí agus a n-ionchais do ghnóthachtáil a ardú. Ag tógáil ar an gcleachtas maith agus rathúil a aithníodh, d'áirigh siad seo:

- cur chuige ar bhonn fiosraithe a chur san áireamh i bpríomhthopaic amháin ar a laghad i ngach téarma nó aonad
- deiseanna rialta do scoláirí a bhfoghlaim a mhíniú, chun foghlaim ábhair a dhaingniú agus freisin chun scileanna maithe cumarsáide ó bhéal a fhorbairt

Ag nascadh leis an dara ceann de na caighdeáin seo, leagtar amach sa phlean spriocanna do roghnú méadaithe an ardleibhéal agus torthaí feabhsaithe i raon d'ábhair. I gcoitinne, ach ní i gcónaí, cuireadh iad seo in iúl mar i dtéarmaí arduithe céatadáin, agus iad ag baint le figiúirí scoilbhunaithe, níos mó ná noirm náisiúnta.

Chuir an príomhoide an plean faoi bhráid an bhoird, a d'fhaobhaigh é agus ansin líon isteach an [seicliosta rialachais agus polasaí](#). Ansin rinne an fhoireann FMS an [teimpléad](#) ón suíomh gréasáin FSM a oiriúnú chun achoimre úsáideach ar an bplean FMS a thabhairt do na tuismitheoirí agus do phobal na scoile.

## Meastóireacht sheachtrach agus FMS – giota beag le ceisteanna agus freagraí

### Cad é an nasc idir meastóireacht sheachtrach agus FMS?

De réir mar a ghabhann scoileanna don phróiseas FMS agus mar a chuireann siad aithne níos mó air – an timthriall den bhailiú fianaise, gníomhartha don bhfeabhsúcháin a aithint agus a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus tuairisciú ar an bpróiseas – is fiú amharc eágán níos grinne a thabhairt ar an nasc idir obair meastóireachta na Cigireachta agus obair féinmheastóireachta na scoile.

Tóg trí cháipéis thábhachtacha a d'fhoilsigh an Roinn in 2016. Is iad:

- an imlitir FMS: [0040/2016](#)
- na treoirlínte FMS 2016-2020: [Treoirlínte FMS](#)
- *Treoir maidir le Cigireacht in Iar-Bhunscoileanna*: [Treoir maidir le Cigireacht in Iar-Bhunscoileanna](#)

I ngach ceann acu, gheobhaidh tú ráiteas atá beagnach mar an gcéanna maidir leis an meastóireacht sheachtrach agus FMS. Seo an ráiteas ar leathanach 4 den *Treoir maidir le Cigireacht in Iar-Bhunscoileanna*.

Cuireann féinmheastóireacht scoile agus meastóireacht sheachtrach go mór le chéile, ag díriú ar fheabhsúcháin araon. Tugann próiseas na féinmheastóireachta scoile deis do scoileanna tosaíochtaí a aithint agus díriú orthu sin, agus a chinntiú go mbíonn fócas scoile uile ann ar ghnéithe áirithe den teagasc agus den fhoghlaim a fheabhsú. Le cigireachtaí seachtracha tógtar nóta de na tosaíochtaí atá aitheanta ag an scoil agus déantar meastóireacht ar a gcleachtas teagaisc agus foghlama. Mar gheall ar an díriú céanna ar fheabhsúcháin, cuirfidh an Chigireacht rannpháirtíocht agus torthaí na scoile ina féinmheastóireacht féin san áireamh ina gcuid meastóireachtaí le tuisint i gcónaí ar chomhthéacsanna aonair scoileanna atá ag céimeanna éagsúla den fhorbairt FMS.

### Cad is brí go díreach le "...cuirfidh an Chigireacht san áireamh ..."?

Curtha go simplí, ciallaíonn sé seo go gcuirfidh na cigirí próiseas féinmheastóireachta an scoile san áireamh má tá sé ábhartha d'fhócas na cigireachta ar leith sin. Is úsáideach an rud é féachaint ar an *Treoir maidir le Cigireacht in Iar-Bhunscoileanna*, ina dtugtar cur síos ar na múnlaí cigireachta go léir agus ina luaitear i ngach cur síos cén áit a bheadh próiseas féinmheastóireachta na scoile ábhartha d'fhócas meastóireachta an mhúnla sin. De bharr go mbíonn an fócas a bhíonn ag próiseas féinmheastóireachta scoile i gcónaí ar ghné den teagasc

agus den fhoghlaim, tá an fhéidearthacht ann go mbeidh sé ábhartha do na múnlaí cigireachta go léir ina mbíonn meastóireacht ar theagasc agus foghlaim. Is léir go bhfuil an chaoi ina ndéantar an próiseas FMS a mhaoirsiú agus a bhainistiú ábhartha do mheastóireachtaí scoile uile, agus do mheastóireachtaí DEIS inar ionann pleanáil gníomhaíochta DEIS d'fheabhsúchán agus próiseas FMS na scoile.

Féachfaidh na cigirí freisin ar chomhlíonadh le riachtanais na himlitreach FMS. Ba chóir do scoileanna FMS a choimeád mar chleachtas leanúnach, pleananna feabhsúcháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* a úsáid mar thagarmharc agus iad ag déanamh meastóireachta ar a gcleachtais teagaisc agus foghlama. Cuireann an imlitir de cheangal ar na scoileanna tuairisc inmheánach ghairid agus plean feabhsúcháin a chruthú, le seicliosta polasaí le líonadh isteach ag an mbord, agus achoimre inrochtana agus bhríoch ar an tuairisc agus an plean feabhsúcháin a chruthú do na tuismitheoirí agus pobal na scoile.

### Cá shuíonn *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* le meastóireacht sheachtrach agus FMS?

In *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* déantar an chineál chéanna ráitis is atá sna trí cháipéis a luaitear thuas.

Dar leis an ggreat cáilíochta, cuidíonn an mheastóireacht sheachtrach agus inmheánach freisin le feabhsúchán scoile agus le forbairt inniúlachta. Deir sé gurb é an gníomhaí feabhsúcháin is cumhachtaí córas dea-chomhtháite meastóireachta a mheascann an dearcadh seachtrach le tuairimí athmhachnamhacha agus comhoibríoch na gceannairí scoile, na múinteoirí, na dtuismitheoirí agus na scoláirí.

Agus tá sé tábhachtach le bheith ar an eolas go mbainfidh cigirí úsáid as *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* mar thagarmharc agus meastóireacht á dhéanamh acu ar chleachtas i scoileanna. Is éard is brí leis sin ná go gcuireann *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* pointe tagartha coiteann agus teanga choiteann ar fáil nuair a bhíonn scoileanna agus cigirí ag gabháil do phlé gairmiúil maidir le cáilíocht agus cleachtas éifeachtach.

### Ag tuairisciú do thuismitheoirí: cé mhéid mionsonraí agus cad atá riachtanach?

Ba choir go mbeadh ceithre rud ar eolas ag tuismitheoirí: cad a d'fhiosraigh tú; conas a fuair tú amach cad atá ag obair go maith; cad air a mbeidh tú ag obair anois; agus cad is féidir leo a dhéanamh chun cuidiú. Agus cén fáth nach ndéanfá roinnt eolais a chomhroinnt faoi phríomhpholasaithe na scoile? Tá teimpléad cruthaithe againn a d'fhéadfá a úsáid nó a chur in oiriúint. Gheobhaidh tú [anseo](#) é.

## Ag dul i ngleic le sonraí!

Tá acrainm coitianta sa Bhéarla ann atá chomh coitianta sin go mb'fhéidir go bhfuil cuid dá chumhacht caillte aige. Is é an t-acrainm **DRIP**, agus seasann sé do *Data Rich, Information Poor*. Cé go mb'fhéidir go bhfuil cuma na róchlisteachta corparáide air, déanann sé pointe an-fhiúntach: fiú má tá na fíricí agus na figiúirí agat, ní hionann sin agus a rá go bhfuil tú ar an eolas.

Ní chuireann an focal 'sonraí' sceitimíní ar scoileanna na hÉireann. Tagann cuid mhór den dearcadh diúltach a bhíonn ann go minic i measc múinteoirí ón gcreideamh go bhfuil scoileanna ró-chasta agus ilghnéitheach le laghdú chuig tacar d'fhigiúirí agus táblaí. Agus tá an ceart iomlán acu! Ní féidir a staideanna agus idirghníomhaíochtaí daonna go léir a bhíonn mar chuid de gach scoil a léiriú ina n-éagsúlacht uile ar aon scarbhileog atá ar eolas ag an duine. Ach, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar chuid de na fíricí casta a bhíonn ann i ngach scoil, ní mór duit féachaint go grinn agus go mionsonrach ar fhíricí agus figiúirí áirithe. Ar an mbealach sin, tá tú ag cinntiú go ndéantar **faisnéis** de na **sonraí**.

Tóg mar shampla ceist an **tinrimh**. Is léir, más rud é nach bhfuil scoláirí ar scoil go rialta, go mbeidh deacracht acu dul chun cinn a dhéanamh agus go mbeidh bearnaí suntasacha ina bhfoghlaim. Mar sin, is dócha go mbeadh breathnú ar phatrúin tinrimh mar chuid de phleanáil gníomhaíochta do thorthaí foghlama feabhsaithe. Ach is iontach an rud é cé chomh minic a fhaightear amach nach ndéanann





scoileanna bailiúchán an-chúramach ar shonraí tinrimh. B'fhéidir nach ndéanfar neamhláithreachtaí a thairfeadh do gach ceacht, nó nach ndéanfar iad a thiomsú, fiú nuair a bhíonn teicneolaíocht an-maith ar fáil chun cuidiú leis seo. Agus ansin is beag luach atá ar na figiúirí féin go dtí go ndéantar anailís orthu, agus go dtagann patrúin agus treochtaí chun cinn, sa chaoi is go ndéantar faisnéis bhríoch de na sonraí loma. Agus é sin déanta agat – agus gach sean go mbeidh ionadh ort faoin méid a fhaigheann tú amach! – tá sé d'acmhainn agat a aithint cén gníomhartha atá de dhíth chun feabhsúchán intomhaiste a bhaint amach.

Réimse eile ina bhféadfadh sonraí an-saibhir a bheith ag scoileanna is ea réimse na **gnóthachtála sna scrúduithe**. Cé go ndéanann neart scoileanna anailís ar thorthaí gach bliain, go minic níl san anailís ach comparáid ghinearálta leis na figiúirí náisiúnta, rud nach bhfuil ach leas teoranta leis. An cheist thábhachtach atá le cur ort féin faoi thacar faisnéise ar bith ná: *'Cad is féidir linn a fháil amach uaidh seo, agus conas is féidir linn an úsáid is fearr a bhaint as an eolas sin?'*



I gcás torthaí scrúduithe, is féidir le scoileanna súil níos eolaí a thabhairt ná duine ar bith. Tá aithne agaibhse, le chéile, ar na scoláirí aonair agus ar shaintréithe an bhliainghrúpa mar iomlán ar bhealach nach bhfuil ag aon duine eile. Is éard is brí leis seo ná gur féidir leat féachaint ar thorthaí do dhaoine aonair agus don chohórt iomlán agus breithiúnas a dhéanamh maidir lena mhéid a bhfuil **ionchais** bainte amach, nach bhfuil siad bainte amach nó, go deimhin, a mhéid a bhfuil siad sáraithe. Is féidir

leat machnamh a dhéanamh ar cé chomh comhsheasmhach agus atá gnóthachtáil thar an raon d'ábhair. Agus is féidir leat anailís bliain i ndiaidh bliana a dhéanamh chun treochtaí atá ag teacht chun cinn a aithint agus gníomh a dhéanamh chun iad a láidriú nó chun comhrac a dhéanamh leo.

Mar is léir, dhírigh an t-alt seo go dtí seo ar **shonraí crua** – fíricí agus figiúirí. Ach mar is eol duit, ní díreach fíricí agus figiúirí iad nuair a bhíonn siad ceangailte leis na daoine aonair agus na grúpaí sin - do scoláirí. Ag féachaint orthu go macánta agus go criticiúil, is féidir leat neart eolais a fháil uathu is féidir leat a chur i bhfeidhm ansin ar phríomhghnó na tacaíochta agus na forbartha d'eispéiris agus torthaí foghlama na scoláirí i do scoil.

Mar chríoch, focal faoi **shonraí boga**, ag baint le réimsí nach bhfuil chomh hinbhraite ach atá ríthábhachtach, amhail meonta na scoláirí i dtaca leis an bhfoghlaim, conas a bhreathnaíonn siad orthu féin mar fhoghlaimeoirí, agus na cuir chuige a chuidíonn leo foghlaim níos fearr. Mar is eol dúinn, thug **suirbhéanna ar scoláirí** agus **crúinnithe de ghrúpaí fócais**, léargais an-luachmhar, a chuidigh le heispéiris agus torthaí na bhfoghlaimoirí a mhúnlú, a threorú agus, sa deireadh thiar thall, a fheabhsú.

## FMS agus an Múnla Leithdháilte Acmhainní nua

Le himlir [14/2017](#) leagtar amach Múnla Leithdháilte Acmhainní (RAM) na Roinne do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Faoin am seo, beidh fógra faighte ag gach scoile maidir lena leithdháileadh acmhainní chun cuidiú leo freastal ar riachtanais na scoláirí sin. Féachann an t-alt seo le dearbhú do scoileanna gur féidir leis an bpróiseas FMS a bheith úsáideach dóibh chun cuidiú leo riachtanais foghlama scoláirí a aithint, iad a shásamh agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Agus na [Treoirínte](#) á scrúdú agat, a cruthaíodh chun cuidiú le scoileanna an múnla leithdháilte acmhainní a chur i bhfeidhm, is dócha go dtabharfaidh tú faoi deara go bhfuil neart de na cuir chuige a mholtar ar bun cheana féin i do scoil mar thoradh ar FMS. Mar shampla, áirítear sna Treoirínte Ceistneoir Féin-Athmhachnamhach a ceapadh chun cuidiú leat déileáil leis na mórcheistean seo a leanas:

- Conas is féidir linn riachtanais scoláirí a **aithint**?
- Conas is féidir linn na riachtanais seo a **shásamh**?
- Conas is féidir linn **monatóireacht agus tuairisciú** a dhéanamh ar dhul chun cinn?

Tá na mórcheistean seo ábhartha go háirithe do chaighdeán laistigh de réimsí torthaí na bhfoghlaimoirí agus cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí sa chreat cáilíochta. Tá an ceistneoir seo le húsáid ag na múinteoirí go léir i do scoil agus tá sé ceaptha le bheith ina cháipéis dhinimiciúil forbartha chun treoir a thabhairt le

cur i bhfeidhm an RAM leasaithe. Ba chóir don cheistneoir féin feidhmiú mar spreagadh d'athmhachnamh agus plé. D'fhéadfaí na cé chéim den phróiseas FMS a úsáid mar a luaitear sa sampla thíos:

### Céim 1: Ainmnigh an Fócas

Ag baint úsáide as na mórcheistanna ón gceistneoir féin-athmhachnamhach mar roghchlár, roghnaigh an réimse is mó ábharthachta do riachtanais na scoile.

- Mar shampla, d'fhéadfaí “Conas is féidir linn riachtanais scoláirí a aithint d'fhonn iad a shásamh?” mar fhócas

### Céim 2: Fianaise a Bhailiú

Bain úsáid as na ceisteanna leide ón réimse fócais sa Cheistneoir Féin-Athmhachnamhach chun na cleachtais atá ann sa scoil cheana a bhunú go comhoibríoch. Mar shampla;

- *Conas a bhainimid úsáid as an gContanam Tacaíochta agus Comhaid Tacaíochta Scoláirí chun cur chuige doiciméadaithe agus céimnithe a sholáthar d'aithint agus sásamh riachtanais na scoláirí?*
- *An gcuirimid riachtanais aonair san áireamh thar raon leathan, lena n-áirítear riachtanais acadúla, sóisialta, cumarsáide, mothúchánacha agus iompraíochta?*
- *An aithnímid saincheistanna timpeallachta agus comhthéacs nach mór a leasú (amhairc, cloisteáil, fisiciúil, céadfaíoch)?*

### Céim 3: Déan Anailís agus Déan Breithiúnais

Bain úsáid as an bhfianaise atá bailithe agat ón gceistneoir féin-athmhachnamhach chun láidreachtaí an tsoláthair reatha a aithint chomh maith leis na príomhréimsí d'fheabhsúchán sa chaoi ina n-aithníonn an scoil riachtanais scoláirí.

### Céim 4: Scríobh an Plean Feabhsúcháin

Ba chóir duit machnamh a dhéanamh ar cé a bheidh freagrach as an plean a dhréachtadh agus a chur i gcrích. Tá sé ráite againn arís agus arís eile nach bhfuil fócas FMS ar an bpáipéarachas, ach tá sé riachtanach léiriú, comhaontú agus comhroinnt a dhéanamh go soiléir ar na gníomhartha agus spriocanna feabhsúcháin atá de dhíth chun riachtanais na scoláirí a aithint agus a fhreagairt níos éifeachtaí.

### Céim 5: Cuir an Plean Feabhsúcháin i bhFeidhm

Don chéim seo, tá an manna FMS ‘gach múinteoir, gach ceacht, gach lá’ tábhachtach. Ní mór dó a bheith faoi na múinteoirí go léir i do phobal scoile ag cur i bhfeidhm go comhsheasmhach na cur chuige aontaithe chun freastal ar riachtanais aitheanta na scoláirí tríd an gContanam Tacaíochta.

### Céim 6: Déan Monatóireacht ar Ghníomhartha agus Déan Meastóireacht ar Thionchar

Ní mór duit pleanáil don chaoi ina bhfuil tú chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na ngníomhartha aontaithe de réir mar a chuirtear i bhfeidhm sna ceachtanna iad. Ag eatrainmh aontaithe ba chóir don scoil athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis an gcaoi ina ndéantar riachtanais a scoláirí a aithint arís le tagairt do na ceisteanna a úsáideadh ar dtús sa chéad chéim den phróiseas.

Rinneamar iarracht san alt seo a thaispeáint, cé gur féidir féachaint ar an Múnla Leithdháilte Acmhainní ann féin mar thionscnamh nua, ba chóir don chur chuige chun é a chur i bhfeidhm tarraingt ar an bpróiseas FMS a bhfuil scoileanna ag dul i dtairní go mór air. Is é aidhm an mhúnla sa deireadh thiar thall cuidiú le múinteoirí agus ceannairí scoile na cuir chuige teagaisc agus foghlama is éifeachtaí agus is mealltaí a chur i bhfeidhm do na scoláirí go léir.